Alt

08-03-2016 - 17:50
Uimhir Thagartha: 20160226STO16218

Parlaimint na hEorpa

# Beartas tearmainn: riachtanais na mban a shásamh

**Tháinig níos mó ná milliún dídeanaithe chun na hEorpa anuraidh. Bíonn drochthionchar ag an bhforéigean ar dhídeanaithe agus iad ina dtír dhúchais, ar a mbealach go dtí tír atá slán nó tar éis dóibh an Eoraip a bhaint amach fiú. Go minic is iad mná agus cailíní is mó a bhíonn ar lagchuidiú. Agus Lá Idirnáisiúnta na mBan ar siúl an tseachtain seo, tá an Pharlaimint ag iarraidh aird a tharraingt ar chás dídeanaithe ban. Cuireadh rún ar an ábhar chun vóta le linn an tseisiúin iomlánaigh an 8 Márta.**

Tá Parlaimint na hEorpa tar éis Lá Idirnáisiúnta na mBan 2016 a thiomnú do chás dídeanaithe ban agus lucht iarrtha tearmainn san Eoraip. Déantar foréigean agus leithcheal ar mhná go minic agus iad ina dtír dhúchais; áirítear éigniú, ciorrú baill ghiniúna ban, pósadh éigeantais, foréigean baile agus maruithe onóra i measc na gcoireanna is tromchúisí. Agus iad ar an mbealach chun na hEorpa bíonn orthu cur suas le gáinneáil, striapachas agus teacht i dtír gnéasach.

Tá an feisire Mary Honeyball (Sóisialaithe agus Daonlathaithe, an Ríocht Aontaithe) tar éis tuarascáil féintionscnaimh a chur le chéile maidir le dídeanaithe ban agus an ngá le bearta dírithe ar inscne agus athchóirithe á ndéanamh ar bheartas imirce agus tearmainn an Aontais Eorpaigh.

Dar le tuarascáil Honeyball ní shásaítear riachtanais speisialta dídeanaithe ban sa phróiseas tearmainn, le cois iad a bheith ina ndídeanaithe bíonn leanaí óga acu go minic mar shampla. Ba chóir do bhearta nua tras-Eorpacha fáil ar chomhairle dlí cheart a thabhairt do dhídeanaithe ban chomh maith leis an gceart agallóirí nó ateangairí ban a lorg. Ba chóir go mbeadh ceathrúna codlata agus áiseanna sláintíochta ar leith ann do mhná in ionaid fáiltithe d'iarrthóirí tearmainn chomh maith le comhairleoireacht tráma agus seirbhísí sláinte. Cuirtear in iúl sa tuarascáil freisin gur chóir go mbeadh mná in ann tearmann a lorg san Aontas Eorpach de bharr go ndearnadh foréigean inscne orthu.

Ghlac an coiste um chearta na mban leis an tuarascáil neamhreachtach seo an 28 Eanáir. Cuireadh an tuarascáil chun vóta sa Pharlaimint an 8 Márta. Vótáil 388 feisire 'Tá', bhí 150 vóta 'Níl' ann agus staon 159 feisire ón vóta.

*Cliceáil anseo chun tuilleadh a fhoghlaim faoi Lá Idirnáisiúnta na mBan 2016.*

**Dídeanaithe ban san Eoraip**

- B'fhir iad 58% de na dídeanaithe a bhain an Eoraip amach ar muir anuraidh, ba mhná iad 17% dóibh agus ba pháistí iad an chuid eile
- Ó thús na bliana seo ba mhná/pháistí iad níos mó ná 55% de na dídeanaithe a bhain an Eoraip amach.

## Tuilleadh eolais

An coiste um chearta na mban
Tuarascáil
Mary Honeyball (Sóisialaithe agus Daonlathaithe, an Ríocht Aontaithe)
Preaseisiúint Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe




Dídeanaithe i bPassau i ndeisceart na Gearmáine © Marie Dorigny / AE 2015